AMÁRAĊ

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiġṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtán seaċtainiúil na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagartóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

3d

Iml. 10. Uimh 7. Aoine, 12ú Feaḃra, 1964.

Eagarḟocal. 12-2-'65

Caiġdean Ḃeo

Tá seaċtain nó ḋó ó ṡoin ḃí scríḃinn ag Caoimín Ó Cinnéide (fear a ḋein mórán ar son a Ġaeltaċt féin i gCorca Duiḃne) ar an "Kerryman" faoi an Ṗáipéar Ḃán agus an Ġaeltaċt. Níor ḟaca sé, adúirt sé, mórán ins an Ṗáipéar Ḃán a raċaḋ ar soċar do Ġaeltaċt Ċiarraí nó do Ġaeltaċt na Muman. Ar ndóiġ, ní h-aon ḃrí loganta atá le seo. Tá an scéal céanna fíor do Ġaeltaċt an Tuaiscirt, aċ do ṫráċt an tUasal Ó Cinnéide an rud amáin go speisialta naċ miste a ċur síos arís. Luaiġ sé ag cuimhniú do, is doċa, ar ṫaoḃ na Gaeilge, go speisialta, gur tré ċaidreaṁ idir an Ġaeltaċt Ṫeas (nó na Gaeltaċtaí Ṫeas) na Gaeltaċtaí Ṫiar agus an Ġaeltaċt Ṫuaiḋ a tiocfaiḋ forḃairt ar ṫeanga ḃeo na Gaeltaċta.

Is bun ḟírinne seo a ṫuigeas gaċ cainteoir dúċais go maiṫ aċ is cosúil go bfuil sé do-ṫuigṡe nó doiléir ag riarṫóirí agus luċt aṫḃeoċainne i mBaile Áṫa Cliaṫ. Is maiṫ an rud go mbeaḋ an Ġaeilge ḃeo ag claonaḋ agus ag fás níos comġaraí do Ġaeilge ċaiġdeannaiġ, aċ ní féidir sin a ḋéanaṁ i seomra Ollscoile nó in oifig i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ní ṫiocfaiḋ as sin aċ teanga ṁí-nádúrṫa, teanga airtifisialta, teanga gan údair, teanga gan litríoċt. Má tá caiġdean le teaċt san Ġaeilge tiocfaiḋ sé tré ṁéadú na gceantair labarṫa Gaeilge ins an Ṁuman agus tré ṁéadú ar an teangḃáil agus an caidreaṁ a ḃéas ar siúl eatorṫa. Tré ṁéadú ar na ceantair labarṫa Gaeilge frío Ċonamara agus deisceart Ṁuiġeo agus caidreaṁ eatarṫa sin agus na Gaeltaċtaí scapṫa i Muiġeo Ṫuaiḋ, agus tré ṁéadú na gceantair sin amaċ go dtí go mbíonn Muiġeo Ṫuaiḋ ina Gaeltaċt amáin agus ar an dóiġ ċéanna tré leaṫnú ar ċeantraċa scaite na Rosann go dtí go mbuailfiḋ siad le ċéile in aon Ġaeltaċt amáin le Gaoṫ Doḃair agus Cloiċeannaola, agus tré leaṫnú ar an ċeantar mór sin go mbíonn sé ceangailte isteaċ leis na ceantair scaoilte.

Ṫairis sin ar fad is tré spreagaḋ ar gaċ cineál caidrim idir na canúintí Ṫiar Tuaiḋ agus ṫeas, a ṫarraingeófaí ṫar nais focla a ḃí caillte agus a ṫiocfas dóiġeanna éagsúla cainte níos comġaraí dá ċéile.

Caiṫfear é seo a ḋéanaṁ tré ċaidreaṁ pearsanta oiread agus is féidir agus tré ċaidreaṁ léite agus scríofa go mór mór. Ṫagraíomar san ṗáipéar seo níos mó ná uair nó ḋá uair de com riaċtanaċ agus a ḃí sé seo má ḃí an Ġaeilge le forḃairt ina Teanga Náisiúnta agus í ḃeiṫ ina teanga artifisialta, ṁí-nádúrṫa. Déanta na fírinne, ba é sin príoṁ ċuspóir le bunú an Ṗáipéar seo agus dá mbeaḋ an tacaíoċt le fáil ag an Ṗáipéar seo le deiċ mbliana a ḃí á ḟáil ag páipéar luċt aṫḃeoċaine i mBaile Áṫa Cliaṫ, fiú amáin, ḃeaḋ an Páipéar ina ṁeán caidrim agus ina ċeangal caradais scríofa agus léite idir na canúintí scaite san lá inniu. Tá an páipéar a ḋéanaṁ rud beag éigin maiṫeasa de ṫairḃe na gcánúintí a ċur in aiṫne agus in oiriúint dá ċéile, aċ is fíor ḃeag é toisc naċ bfuil an acfuinn againn agus naċ bfuil an t-airgeadas go speisialta againn le é a reaċtáil mar is cóir.

Is beag maiṫeas a ḃeiṫ ag caint ar ġiota beag de ċanúint eile a ṫeagasc ar scoil nó ar ṁion rudaí mar sin muna bfuilṫear sásta caḃrú leis an iarraċt ṁór seo le ceangal caradais agus caidrim a ḃunú agus a ḟorḃairt idir na Gaeltaċtaí. Is sa gcaoi seo tré ċaidreaṁ idir intinní ḃeo na nGaeltaċtaí fé leiṫ, agus tré an ċaidreaṁ eatorṫa a ṁéadú a ṫiocfaimíd, fríd am (agus caiṫfear a ḃeiṫ foiġdeaċ leis) ċuig an stáid go mbeiḋ gléas cainte againn a ḃéas iontuigṫe do gaċ duine atá ina ċainteoir dúċais is cuma ciacu tá sé beo san Rinn, ar Oileán Cléire, i gCorca Duiḃne, nó san Iarṫar nó san Tuaisceart. Is trua naċ dtuigfeaḋ riarṫóirí agus Stáit ṡeirḃísí ⁊ poiliticeoirí an bun ḟírinne seo. Dá dtuigeaḋ b'ḟearr don Ġaeilge agus b'ḟearr don aṫḃeoċainte.

Cosaint ar Roinn na Gaeltaċta

B'aisteaċ le daoine áiṫrid gur tugaḋ duine de príoṁ ḃéarlóirí an Rialtais, ċun labairt ag dinnéar ḃliantúil Ḋáil Ċeantar Iarṫar na Gaillime de Ḟianna Fáil, an tseaċtain seo caite.

Ní hé ná go bfuil árdṁeas ar an Uasal Childers i ngaċ áit ar fud na tíre aċ, measaḋ gur ċeart go dtabarfaḋ Comairle Ḋáil Ċeantar an Iarṫair, an áit is mó a bfuil Gaeltaċt sa tír, dea-ṡompla do gaċ aonad eile den eagras.

Do ċuir an tUasal Childers síos go fuinniúil agus go bríoṁar, ar cúrsaí na Gaeltaċta tré Ḃéarla.

Insan Ṗáipéar Ḃán, adúirt sé, ṫug an Rialtas breiṫ cinnte fá cúrsaí spesialta le ioncam a ṁéadú ins na ceantair Gaeltaċta. Ar na pleanann cinnte seo ḃí:—

1, Eagrú foirne condae Oifigí Stáit agus áitiúla le bealaí a ċeapaḋ ċun cúrsaí eacnamiceaċa agus soisialta do ḟeaḃsú.

2. Leaṫnú ar ċumaċtaí agus scóip Gaeltarra Éireann, sa gcaoi go bféadfaí tuilleaḋ forbairt tionsclaċ a ḋéanaṁ insan ċeantar.

3. Scrúdú a ḋéanaṁ ar ceist forḃairt fás torṫaí agus glasraí agus a bpróiséisiú, ag cuiṁniú ar stáid iṫireaċ agus an riaċtanas le dóṫain soláṫar dí.

4, Aṫ-ṡocrú tailte ingilt sléiḃe le méadú ar táirgeaḋ caoraċ.

5. Leaṫnú ar scéim na dtíṫe gloine.

6. Iarraċt níos mó ar comarċumainn a spreagaḋ.

7. Ḃí méadú ins na deontaisí do tráiléaraí iascaireaċta agus ba ċóir go mbeaḋ éileaṁ fána gcoinniḃ ó iarratóirí nua ó ceantar Gaeltaċta.

Dúirt an tUasal Childers gur tógaḋ 600 tiṫe i nGaeltaċt na Gaillime le roinnt blianta anuas, agus gur feaḃsaíoḃ 475 tiṫe agus gur soáṫraíoḃ séaraċas do 900.

D'íoc Roinn na Gaeltaċta insan tréiṁse (níor luaiġ sé an tréiṁse) an suim ollṁór de £372,000 mar deontas tiṫe.

Ó 1959 tógaḋ ceiṫre brúanna agus 34 sealaeta, agus ḃí leaṫ den méid sin críoċnaiṫe ċeana.

Buntaistí Ċiarraí do Glasraí

"Tá mórán buntáistí ag Ciarraí don ġnó seo. Tá an iṫir oiriúnaċ, agus aoráid Ġeiṁriḋ go sásúil do ṁórán báirr mar celerí, leeks, meacain dearga agus plandaí do babáiste. Tá an aoráid níos feiliúnaí ná an ċuid is mó de na h-áiteaċa san Eoraip. Mar a gcéanna le píseanna glasa, pónairí Francaċa, ponáirí leaṫana, agus cuiríní duba.

Ina ṫeannta sin, tá daoine intleaċtiúla, fuinniúla agus saoṫaraċ. Ċruṫaiġ siad sin gaċ áit ar fud an domain, agus ba ċeart go n-eiróiḋ leo ċom maiṫ sa mbaile.

Sé Ciarraí ṫuaiḋ ceann den fíor ḃeagán ceantar in Éirinn anois ina bfuil go leor fear fágṫa ar an talaṁ ċun garraḋóireaċt ar scála leaṫan do oibriú."

Sin é adúirt an Ginearál Ó Coisteallḃa, agus é ag caint ag an dinnéar bliantúil Coiste Tráċtála Tráiġlí Dé Saṫairn seo caite.

Ċom maiṫ leis sin adúirt sé, d'ḟág an cósta fada agus an comġaraċt do iascaireaċt doimin-ḟarraige (a ḃí ag na Francaí agus na Spáinniġ san am i láṫair) seans fá ċoinne tionscail mór iascaireaċta a ṫógaint.

"Tá sinne, Comluċt Siúicre, sásta ana ṁeaċan de mionġliomaí agus múiríní a ċeannaċ." arsa an tUasal Ó Coisteallḃa, "ar pragas bairinneaċ. Is deacair a ċreidḃeáil, i mí iomlán anuraiḋ, nuair a ṫóg na Francaí ⁊ na Spáinniġ 700 tonnaí mionġliomaí ar ċósta ṫeas agus ṫiar ṫeas na hÉireann, naċ dtiocfaḋ linne aċ leaṫ tonna. a ḟáil le ceannaċ."

"Táimíd anois ag allṁuiriú ár gcuid mionġliomaí ar ċostas níos airde ó tíorṫa iasaċta, toisc naċ bfuil siad ar fáil ó iascairí na hÉireann.

"Comairlíṫear dom anois," do lean an tUasal Ó Coisteallḃa. "go bfuil ceann de na leapaċa muiríní is luaċṁaire san Eoraip ar ċósta Daimbre, aċ tá orainne na múiríní seo do allṁuiriú ċom maiṫ."

Ag leanúint fán tabaċt don ḟeirmeoir insan ġarradóireaċt seo, dúirt an Ginearál, gurb iad seo na meán-luaċa a h-íocaḋ ar barraí glasraí in 1964.

Soiléirí	£340 an tacra.
Cabáiste	£75 an tacra.
Píseanna	£80 antacra.
Meacainn dearga	£150 antacra.
Leeks	£96 an tacra.
Iniúin	£100 an tacra.
Meacainn Ḃána	£80 an tacra.

"Táispeáineann sé seo," arsa an tUasal Ó Coisteallḃa, an rud is féidir a ṫuilleaḋ fiú ar feilm ḃeag. Ní ṫágann an t-airgead anuas mar cioṫ báistí. Caiṫfear é a ṫuilleaḋ tré obair ċúramaċ buan, ag ḋéanaṁ gaċ obair go maiṫ, agus ag an am ċeart agus le scil san áit ċeart.

Ní ḟéadfaí cabáiste a ḟás go leiṫéideaċ i gCiarraí Ṫuaiḋ, adúirt sé, toisc go bfuarṫas amaċ go raiḃ an aicíd ar a dtugtar club root, nó finger and toe, insan ċeantar, agus insan iṫir agus naċ bféadfaí dul sa mionṫar ar ċabáiste a ḟás. Aċ is iad iṫir portaí is fearr leis an soiléirí agus ḃí neart de sin i gCiarraí.

Ag caint fán monarca mór próiséisiú glasraí a ḃí siad le tógáil i gCiarraí ṫuaiḋ, dúirt sé, nuair a ḃeaḋ an ṁonarca ag iomlán oibre, sé sin ag tairgeaḋ timpeall 4 tonna san uair, ḃeaḋ 800 ag obair ann, agus ḃeaḋ oiread eile de sin, 800 ag saoṫrú ar na feilmeaċa leis na glasraí do ṫairgeaḋ.

Dúirt an tUasal Ó Coisteallḃa gur geallaḋ £400,000 do ṁonarca Scibirín, ó Ḟorás Tionscail ar coinníoll go dtógfaí £210,000 mar sciar áitiúil agus ḃí Comluċt Siúicre Éireann ag cur suas leaṫ den £210,000 sin.

Fuinniṁ in Ionad Faillí

"Caiṫfear móḋ an laisse faire a ċaiṫeaṁ i leaṫ-taoḃ agus móḋ gníomaċ fuinniúil a ġlacaḋ ina ionad, de ṫairḃe aṫ-ṫógáil an Iarṫair"—adúirt an Dr. Labras Ó Nualláin, léaċtaí nGeilleagar i gColáiste Iolscoile na Gaillime, agus é ag tabairt léaċt faoi an Barrington Trust i bPortumna, Co. na Gaillime.

Ḃí beagnaċ leaṫ aċar an Stáit i gceist ins na feilmeaċa Iarṫaraċ. Ba soiléir san Dara Clár Eacnamiciúil go raiḃ an Rialtas ag cuntas ar tuilleaḋ oibríṫe a ḃeiṫ ag fágáil an talaiṁ. Níos lú feilmeaċa beaga; árdú méid na meán-feirme, agus go dtógfaí isteaċ an ċuid is mó de na h-oibrí a d'ḟágfaḋ an talaṁ i gcúrsaí tionsclaċ.

Ba ġá pleanáil ilġnéiṫeaċ iomlán speisialta do na oċt gcondaeṫa Iarṫaraċ, in gaċ gné coiḃéineaċ, eacnamiciúil agus saoṫúlaċta, ag freastal ar forḃairt talṁaíoċta agus tionsclaċ san am ċéanna.

Ní féidir, adúirt sé, na h-oċt gcondaeṫa Iarṫaraċ a ḟágáil i leaṫ-taoḃ mar ceantar speisialta, is ionann iad agus 43 p.c. de aċar iomlán an Stáit. Is ionann an pobal agus an ceaṫrú cuid de ṗobal an Stáit, nó 50 p.c. de feilméaraí an Stáit agus soláṫraíonn siad timpeall 30 p.c. de táirgeaḋ talṁaíoċta. Agus caḃraíonn a gclann cuid mór den £13m. a ġeibṫear gaċ bliain sa tír seo ó imirceoirí ṫar lear.

Ní faḋbanna áitiúla atá i gceist, agus faḋbanna náisiúnta agus ní mór iarraċt mór náisiúnta le freastal orṫa.

Caiṫfear déanaṁ ar ṡiúl le móḋ an laisse faire, agus glac d'am, agus fuinneaṁ agus fad-raḋarc a ċur ina ionad, do ṫairḃe forḃairt réagúnaċ.

Laige i saol na hÉireann ab ea é, an leisce a ḃí ar ḋaoine breiṫ a ḋéanaṁ. Insan ṁoill íontaċ a leanann seo, aṫraíonn coinníollaċa na faiḋbe sula ndéantar réiteaċ ar biṫ ar an bun ḟaiḋb, agus ḃí an tIarṫar ṫíos leis i gcónaí, de ṫairḃe an moill seo.

Leaḃarlann Taisteal do Ċonamara

Cé go bfuil ag éirí ṫar bárr ar fad le Leaḃarlann Taisteal Ċoiste Leaḃarlann na Gaillime agus go ḟreastal siad ar 50 scoltaċa Náisiúnta agus 15 meánscoltaċa ó bunaíoḋ é an Fómair seo caite, ní ḋeaċa siad go dtí an Ġaeltaċt go fóill.

B'é an ċúis a ḃí leis seo, adúirt an tUasal Ó Buaċáin ná naċ raiḃ doṫain leaḃraí Gaeilge ann. Cuid ṁór de na leaḃraí Gaeilge, adeir sé, bíonn clúdaċ páipéar orṫa, agus ní mór teannaḋ agus clúdaċ nua a ċur orṫa.

Níl na leaḃair arais óna teanntaiṫeoirí fós. aċ beiḋ an tseaċtain seo ċugainn, agus tá sé ag súil a ḃeiṫ ag dul go dtí scoltaċa na Gaeltaċta an tseaċtain dár gcionn.

Arsa Seán Mac Eoċagáin, T.D. —"Tá súil agam naċ bfuil teora ar biṫ. Fuair mise eolas naċ ndeaċa tú na Gaeltaċta fós."

Dúirt an tUasal Ó Buaċáin go raiḃ sé ag súil leis na leaḃraí Gaeilge an tseaċtain seo ċugainn.

"Ḃéimíd réiḋ do Ċonamara i gceann míosa, ar seisean. Ní ṫiocfaḋ linn a ḋul isteaċ go Conamara gan liosta maiṫ iondaċ do na leaḃair Gaeilge.

Eadar-ċárr Ḃolcsuagen, le seilfeanna taoḃ istiġ, agus doirse a ṡleaṁaíonn atá insan Leaḃarlanna taisteal. Tá £22,000 leaḃair, ar ċostas £10,000 acu agus tá sé ag freastal ar scoltaċa náisiúnta agus meán-scoltaċa. Sé an ċéad ċeann dá leiṫéid insan tír é.

Ṫug Seán Mac Eoċagáin, T.D., árd ṁolaḋ don Uasal Ó Buaċáin agus a ċuid oibriṫeoirí, agus dúirt sé go raiḃ áṫas air go mbeaḋ siad i gConamara taoḃ istiġ den ṁí.

Ġlac an Coiste Leaḃarlanna le meastaċán £31,230 don ḃliain seo ċugainn, árdú £4,060 ar an £27.170 a ḃí ann anuraiḋ, sin árdú do 1d. san ṗunta.